

LONG NA BLAOISGE

Bean a bhí i nIorús Mór agus bhí a fear ag imtheacht ag smuigiléareacht. Bhí long nó bád mór aige agus é ag iarraidh earraidh a thabhairt isteach i ngan fhios bhí sé a cheannacht saor. D'imthigh sé annsin agus dubhairt se le n-a bhean go mbeadh sé a leitheid seo de lá sa mbaile. An lá a raibh sé le thigheacht tháinig cutter an rí agus bhí sí amuich ag faire go dteagadh sé. Bhí spíodóireacht déanta air agus bhí an bhean ag faire ar an gcutter ó dhorus an tighe. Tháinig cailleadh Ultach isteach aice. D'fhiafrúigh an chailleadh den bhean cé'n chaoi raibh sí. Dubhairt sí nach raibh sí go maith. "Tuige" adeir sí. "Tá m'fhear imthighe ag iarraidh lucht agus tá sé le thigheacht indiu. Tá cutter an rí amuich dá fhaire agus tógfar é." Bhfuil aon ubh circe agat? adeir an chailleadh.

"Tá" adeir bean an smuigiléara. "Tabhair chugam anuas é," adeir an chailleadh. Thug.

Nuair a thug sí an ubh don bhean Ultach rug sí uirthi, bhain sí an mullach dí. Chaith sí amach an gealachán agus buidheacán, agus dubhairt sí, "tabhair leat an bhlaosg seo anois" adeir sí leis an mbean "agus leag sa bhfarraige í go deas réidh, agus beidh mise ag déanamh rud eicint go bhfillte tú."

Chuaigh an bhean síos go dtí an fharraige agus leag sí an bhlaosg sa bhfarraige agus ar an bpointe boise d'árduigh an bhlaosg suas a cuid seolta uirthi féin go ndearna sí long bhreagh shoillseamhail agus sheol sí amach. An fhuireann a bhí ag an smuigiléara ar a shoitheach, bhí siad le feiceál ag an gcutter nuair a bhí sé a dhul amach thairti. Níor stop sí go ndeachaidh sé os cionn bád an rí.

Lean an cutter í. Thóg long na blaoisge cúrsa siar, bhí Ceann Léime le caitheamh aice. Thug sí an cutter siar thar Ceann Léime. D'ionntuigh sí ó thuaidh go ndeachaidh sí go Cuan an Fhóid Duibh agus an cutter dá leanacht. Nuair a tháinig an cutter isteach sa gcéibh i gCuan an Dhóid Duibh ní raibh aon bhlais le feiceál aice ach blaosg uibhe circe istigh sa gcéibh. Idir í a thigheacht agus imtheacht bhí an lucht istigh ag an smuigiléara agus an lucht i bhfolach aige agus níor fhéad siad tada a dhéanamh air.

Micil. 7-11-1933.